Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**12450/22**

**LIMITE**

**CORLX 787**
**CFSP/PESC 1147**
**RELEX 1178**
**COAFR 222**
**CONUN 203**
**FIN 918**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1770 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1770**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise a bhfuil ag tarlú i Mailí[1], agus go háirithe Airteagal 12(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 251, 29.9.2017, lch.1

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1770.

(2) An 5 Deireadh Fómhair 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2374 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe faisnéis maidir le triúr daoine aonair atá faoi réir bearta sriantacha a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1770 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

[…]

PUBLIC